AN COIMISIÚN UM RIALÁIL IARNRÓID
COMMISSION FOR RAILWAY REGULATION



# Feidhmíocht ó thaobh na Sábháilteachta Iarnróid

## in Éirinn 2018




## Fógra faoin Tuairisc

Ní fhéadfaidh duine ar bith an tuairisc seo nó aon chuid di a tháirgeadh, a atáirgeadh nó a tharchur in aon fhoirm nó ar aon mhodh gan cead dearfa an CRI. Féadfar an tuairisc seo a úsáid gan srian chun críocha oideachais. Ba chóir aon fhiosrúcháin faoin bhfoilseachán seo a sheoladh agus na sonraí teagmhála thíos á n-úsáid.

Sonraí Teagmhála

Suíomh Idirlín www.crr.ie
Rphost info@crr.ie
Guthán +353 1 2068110

Seoladh: Coimisiún um Rialáil Iarnróid,
Teach an Teampaill,
An Charraig Dhubh,
Contae Bhaile Átha Cliath,
Éire

Arna hUllmhú Ag: Nora Balfe & Anthony Byrne Arna Faomhadh Ag: Anthony Byrne

Tá an CRI buíoch de Neil Dinnen as ucht a chead a gcuid íomhánna faoi chóipcheart a úsáid sa tuarascáil seo.

# Réamhrá

**Tá sé ina údar áthais don Choimisiún um Rialáil Iarnróid a Thuairisc Bhliantúil faoin bhFeidhmíocht ó thaobh na Sábháilteachta a fhoilsiú i gcomhair 2018. Tá an tuairisc seo ina fhorlíonadh a ghabhann le Tuarascáil Bhliantúil an CRI chuig an Aire agus soláthraítear ann tuilleadh mionsonraí faoin bhfeidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta ag na heagraíochtaí iarnróid a fheidhmíonn in Éirinn.**

Is é seo an deichiú bliain a bhfuil an Tuairisc Bhliantúil faoin bhFeidhmíocht ó thaobh na Sábháilteachta eisithe. Déanann an CRI maoirseacht go leanúnach ar fheidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta ag na príomheagraíochtaí iarnróid a fheidhmíonn sa stát. Déantar sin trínár gCigirí a thugann faoi iniúchóireachtaí, faoi chigireacht agus a bhuaileann le feidhmeannaigh agus bainisteoirí cuideachtaí, chun seiceáil go mbíonn siad ag cur a gcuid córas bainistíochta sábháilteachta i bhfeidhm agus á bhfeabhsú.

Is é príomhfheidhm ár n-iarnród (lena n-áirítear bealaí tram) daoine agus/nó lastas a ghluaiseacht go sábháilte. Sa chomhthéacs sin, tháinig méaduithe nach beag ar líon na bpaisinéirí ar líonra Iarnród Éireann agus ar Bhealach Tram Luas chomh maith in 2018. Agus sin sa chúlra, nár bhásaigh aon phaisinéirí ar ár n-iarnróid in 2018 agus ar an méan, bhí feidhmíocht earnáil iarnróid na hÉireann ó thaobh na sábháilteachta dearfach.

Ní dhéantar san athbhreithniú seo ar fheidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta ach a thábhachtaí is atá feabhsú leanúnach a thabhairt chun solais, go háirithe ó thaobh rioscaí a bhaineann le hoibriúcháin iarnróid a bhainistiú. Spreagtar eagraíochtaí chun tuairisceoireacht tarlúintí a chur chun cinn ar bhealach lena mbítear ag súil go dtuairisceoidh fostaithe tarlúintí, guaiseacha agus go deimhin cásanna ar bheag nár tharla timpistí ina leith, cuma cé chomh beag is cosúil iad a bheith, sa chaoi gur féidir ceachtanna a fhoghlaim. Leanfaidh an CRI ar aghaidh le bheith ag cur chun cinn agus ag spreagadh daoine, a bhfuil lámh acu in aon ghné dá n iarnróid, chun buairimh ó thaobh na sábháilteachta a thuairisciú dá n-eagraíocht agus bímid ag súil leis go bhfeidhmeoidh eagraíochtaí iarnróid 'cultúr cóir'.

Anthony Byrne
*Príomhchigire – Maoirseacht & Forfheidhmiúchán*

# Achoimre Fheidhmeach

**Ullmhaítear an Tuairisc Bhliantúil seo de chuid an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid (CRI) faoin bhFeidhmíocht ó thaobh na Sábháilteachta do pháirtithe leasmhara agus don phobal i gcoitinne ar aon dul le hAlt 10 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid (2005). Soláthraíonn na heagraíochtaí iarnróid éagsúla dúinn na sonraí a úsáidtear chun an tuarascáil seo a thiomsú go tréimhsiúil i rith na bliana. Comhshuimítear na sonraí sin sa tuarascáil seo agus cuirtear feidhmíocht bliain ar bhliain i gcomparáid ann in éineacht le tráchtaireacht maidir le roinnt táscairí tábhachtacha faoin bhfeidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta.**

Is an CRI an rialtóir sábhailteachta iarnróid neamhspleách i bPoblacht na hÉireann agus bíonn sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht na n-eagraíochtaí iarnróid ar fad, lena n-áiríodh in 2018, Iarnród Éireann, *Transdev* (Oibritheoir an Luas), Iarnród *Balfour Beatty Ireland* (BBRI), Bord na Móna (mar a dteagmhaíonn a gcuid iarnród le bóithre poiblí), an *Railway Preservation Society of Ireland* agus roinnt iarnród oidhreachta níos lú.

Tá feidhmíocht earnáil iarnróid na hÉireann ó thaobh na sábháilteachta réasúnta dearfach, nuair a chuirtear é i gcomparáid le blianta roimhe agus le staitisticí Eorpacha araon, agus tá méadú ar líon na dturas ag paisinéirí sa chúlra chomh maith le méadú ar na ciliméadair traenach/tram dá taistealadh.

Níor bhásaigh aon phaisinéirí in 2018, ach cailleadh naonúr de thoradh iad a bheith dulta gan údarú ar an iarnród, an líon céanna daoine is a bhí ann in 2017. Ní raibh aon tuairiscí ann faoi bhásanna ag crosairí comhréidhe.

In Iarnród Éireann, chonacthas in 2018 gur lean an laghdú ar líon na n-imbhuailtí traenach ar aghaidh, go háirithe le hainmhithe móra. Tháinig méadú ar líon na gComharthaí Contúirte a nDeachthas Tharstú (*SPAD*anna) in 2018 ó líon íseal na gcásanna in 2017. Fanann líon na gcásanna sin íseal fós ach ní mór fócas a choinneáil air go leanúnach agus tá roinnt tionscnamh ag Iarnród Éireann sa réimse seo.

D'fhan feidhmíocht *Transdev* mórán mar a chéile, ach chonacthas méadú ar líon na gcásanna inár teagmhaíodh le coisithe. B'fhéidir gur chuir an méadú thart faoi 10% ar chiliméadair na rianta i gcomparáid le 2017 mar gheall ar LUAS Traschathrach leis an méadú ar na cásanna sin.

I gcomparáid le Ballstáit Eorpacha eile, feidhmíonn Éire go maith ó thaobh líon na dtionóiscí, agus go sonrach ó thaobh tionóiscí ag crosairí comhréidhe agus traenacha ag imeacht de na ráillí. Is ag Éirinn atá an t ochtú ráta is airde maidir le *SPAD*anna i gcoibhneas le líon na gciliméadar traenach a thaistealaítear.

In 2018, chuir an AITI díreach aon imscrúdú amháin i gcrích tar éis do thraein DART imeacht de na ráillí an 13ú Meán Fómhair 2017 agus í ag teacht isteach chuig stáisiún Dhún Laoghaire. Tháinig ocht moladh nua ó thaobh na sábháilteachta dá thoradh sin. Chuir an AITI tús le 3 imscrúdú freisin, tar éis Cliseadh a bhain le Doras ar an Taobh Mícheart ag Stáisiún Ashtown, imbhualadh traenach le Stad maoláin agus imscrúdú faoi threocht ó thaobh roinnt tarlúintí contúirteacha a bhain le Feithiclí Bóthair-Iarnróid.

# Clár na nÁbhar


**1 Réamhrá** .... 5
1.1 Réamhrá .... 5
1.2 Forléargas ar an Tuairisc .... 5
1.3 An Coimisiún um Rialáil Iarnróid .... 5
1.4 Coinníollacha maidir leis na Staitisticí .... 5

**2 Treochtaí ó thaobh na Sábháilteachta Iarnróid in Éirinn** .... 6
2.1 Réamhrá .... 6
2.2 Iarnród Éireann .... 6
2.3 Iarnród Balfour Beatty Éireann .... 22
2.4 Staitisticí Transdev (Luas) .... 23
2.5 Staitisticí Iarnróid Tionsclaíoch Bhord na Móna .... 27
2.6 Iarnróid Oidhreachta .... 28

**3 Uiríll Phoiblí** .... 29
3.1 Réamhrá .... 29
3.2 Sonraí agus Tráchtaireacht 2017 .... 29

**4 Treochtaí ó thaobh na Sábháilteachta Iarnróid san Eoraip** .... 31
4.1 Réamhrá .... 31
4.2 Comparáidí idir na Líonraí .... 32
4.3 Na tionóiscí ar fad i gcoibhneas le km-traenach .... 34
4.4 Comharthaí contúirte a ndeachthas tharstú i gcoibhneas le km-traenach .... 35
4.5 Tionóiscí ag crosairí comhréidh i gcoibhneas le km-traenach .... 36
4.6 Traenacha a chuaigh de na ráillí i gcoibhneas le km-traenach .... 37
4.7 Céatadán na rianta le Cosaint Traenach Uathoibríoch (ATP) i bhfeidhm .... 38
4.8 Tionóiscí Móra Timpeall an Domhain .... 39

**5 Imscrúduithe faoi Thionóiscí** .... 40
5.1 Réamhrá .... 40
5.2 Imscrúduithe Gníomhacha de chuid an AITI .... 40
5.3 Tuairiscí faoi Imscrúduithe de chuid an AITI 2017 .... 40
5.4 Moltaí ó thaobh na Sábháilteachta de chuid an AITI 2017 .... 41
5.5 Achoimre ar Mholtaí de chuid an AITI .... 43

**6 Tagairtí** .... 44
6.1 Cáipéisí a Úsáideadh .... 44

# Tábla na bhFigiúr


**Figiúr 1:** Turais ag Paisinéirí ar IÉ 2003-2018 .......6
**Figiúr 2:** Ciliméadair Traenacha Paisinéirí (barr) Ciliméadair Traenacha Lastais (bun) ar Líonra BB-I.......7
**Figiúr 3:** Pearsanra i mbun fostaíochta lánaimseartha le IÉ (2009 – 2018).......8
**Figiúr 4:** Staitisticí faoi Ghortuithe do Phaisinéirí de réir na bliana ....... 10
**Figiúr 5:** Staitisticí faoi Ghortuithe d'Fhostuithe de réir na bliana (Oibriúcháin Iarnróid)... 11
**FFigiúr 6:** Staitisticí faoi Ghortuithe d'Fhostuithe de réir na bliana (Bonneagar Iarnróid).. 12
**Figiúr 7:** Staitisticí faoi Ghortuithe d'Fhostuithe de réir na bliana (ECM Bonneagair) .... 17
**Figiúr 8:** Imbhuailtí Iomlána de réir na bliana....... 13
**Figiúr 9:** Mionsonraí Staitisticí faoi Imbhuailtí Traenach de réir na bliana, cuid 2 ........ 14
**Figiúr 10:** Líon na gcrosairí comhréidhe de réir na bliana ....... 15
**Figiúr 11:** Crosaire Comhréidh de réir cineáil in Éirinn....... 16
**Figiúr 12:** SPADanna IÉ de réir na bliana ....... 17
**Figiúr 13:** Traenacha a Chuaigh de na Ráillí de réir na Bliana ....... 18
**Figiúr 14:** Eachtraí Rothstoic de réir na bliana....... 19
**Figiúr 15:** Ráillí Briste de réir na bliana ....... 20
**Figiúr 16:** Lioscáin Scoilte nó Bhriste ar Líonra IÉ, de réir na bliana....... 20
**Figiúr 17:** Droichid Iarnróid ar bhuail feithiclí bóithre iad....... 21
**Figiúr 18:** Líon na dTuras ag paisinéirí Luas & Cilimiméadair Tram a Taistealaíodh........ 23
**Figiúr 19:** Líon na nImbhuailtí Tráchta ar Bhóithre & tram i gceist....... 24
**Figiúr 20:** Líon na nImbhuailtí Tráchta ar Bhóithre in aghaidh na milliún km rite......... 24
**Figiúr 21:** Daoine a tháinig i dteagmháil le Tram....... 25
**Figiúr 22:** Tramanna a chuaigh de na ráillí ....... 26
**Figiúr 23:** Cásanna inar Feidhmíodh na Coscáin Éigeandála....... 26
**Figiúr 24:** Traenacha Bhord na Móna a chuaigh de na ráillí agus eachtraí/tionóiscí ag crosairí comhréidhe....... 27
**Figiúr 25:** Uiríll ón bPobal chuig an CRI de réir na bliana ....... 29
**Figiúr 26:** Uiríll ón bPobal chuig an CRI de réir an chatagóra ....... 30
**Figiúr 27:** Iomlán na km-traenach (milliúin)....... 32
**Figiúr 28:** Iomlán na gciliméadar ag paisinéirí (milliúin) ....... 33
**Figiúr 29:** Na tionóiscí ar fad in aghaidh na milliún km-traenach ....... 34
**Figiúr 30:** Figiúr 30: Comharthaí contúirte a ndeachthas tharstú in aghaidh na milliún km-traenach ....... 35
**Figiúr 31:** Tionóiscí ag crosairí comhréidhe i gcoibhneas le km-traenach....... 36
**Figiúr 32:** Traenacha a chuaigh de na ráillí i gcoibhneas le km-traenach....... 37
**Figiúr 33:** Céatadáin d'iarnróid an AE/AEE le Cosaint Traenach Uathoibríoch i bhfeidhm, de reir na tíre (2012-2016)....... 38


# Tábla de na Táblaí


**Tábla 1:** Tábla 1: Staitisticí bhásanna & ghortuithe oibriúcháin IÉ de réir na bliana (2009 – 2018) .......9
**Tábla 2:** Mionsonraí Staitisticí na nImbhuailtí Traenach de réir na bliana Cuid 1 ........ 14
**Tábla 3:** Tarlúintí ar BBRI 2018....... 22
**Tábla 4:** Imscrúduithe a thionscain AITI in 2018....... 40
**Tábla 5:** Tuairiscí faoi imscrúduithe a d'fhoilsigh AITI in 2018 ....... 40



# 1 Réamhrá

## 1.1 Réamhrá

Is é seo an deichiú Tuairisc Bhliantúil faoin bhFeidhmíocht ó thaobh na Sábháilteachta de chuid an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid (CRI), arna hullmhú do pháirtithe leasmhara agus don phobal i gcoitinne ar aon dul le hAlt 10 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid (2005). Soláthraítear staitisticí faoin gcúlra agus tráchtaireacht sa tuairisc seo maidir le roinnt táscairí tábhachtacha faoin bhfeidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta. Treoraítear táscairí feidhmíochta de réir Chomhtháscairí Sábháilteachta na hEorpa faoi mar a sonraíodh i dTreoir 2004/49/CE agus a leasaíodh le Treoir 149/2009/CE agus le Treoir 2014/88/CE. Áirítear tuilleadh táscairí sa tuairisc seo chun gnéithe agus rioscaí ar leith a bhaineann leis an earnáil iarnróid in Éirinn go háirithe a léiriú.

## 1.2 Forléargas ar an Tuairisc

Cuirtear treochtaí in Éirinn ó thaobh na sábháilteachta le haghaidh gach catagóir eachtra traenach i láthair agus pléitear iad i gCaibidil 2. I gCaibidil 3, cuirtear forléargas achomair ar na huiríll poiblí a fuair an CRI i láthair. I gCaibidil 4, taispeánann comparáid le hiarnróid eile na hEorpa riocht an oibritheora náisiúnta iarnróid in Éirinn (Iarnród Éireann (IÉ)) ó thaobh na sábháilteachta iarnróid. Áirítear leis sin forléargas achomair ar thionóiscí suntasacha a tharla i dtíortha eile in 2018. Baineann Caibidil 5 leis an Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (AITI) agus le moltaí a tháinig as a gcuid imscrúduithe. Mínítear stádas gach molta in éineacht le mionsonraí faoi ghníomhartha a rinneadh go dtí seo.

## 1.3 An Coimisiún um Rialáil Iarnróid

Bunaíodh an CSI (an Coimisiún um Shábháilteacht Iarnróid mar a bhí) an 1ú Eanáir 2006 faoi fhoráil an Achta um Shábháilteacht Iarnróid 2005, agus an fhreagracht air as sábháilteacht iarnróid a rialáil. Is é an tÚdarás Náisiúnta Sábháilteachta (ÚNS) agus an Comhlacht Rialála don earnáil iarnróid i bPoblacht na hÉireann é. Faoi mar a deirtear in ár Ráiteas Straitéise reatha, tá rún daingean againn sábháilteacht na n-iarnród a chur chun cinn, córais iarnróid ardfheidhmíochta agus inbhuanaithe a chothabháil agus a fhorbairt tuilleadh agus a chinntiú go mbíonn rochtain chothrom ar líonra gnáthiarnróid na hÉireann trí rialáil, mhonatóireacht, spreagadh agus chur chun cinn.

Mar an ÚNS, bíonn freagracht ar an CRI as measúnacht ar chomhfhoirmeacht agus as deimhnithe sábháilteachta agus údaruithe sábháilteachta a eisiúint do chórais bhainistíochta sábháilteachta, as rothstoc agus bonneagar nua a fhaomhadh, agus as monatóireacht a dhéanamh ar an tionscal lena chinntiú go mbainistíonn sé a rioscaí don tsábháilteacht go héifeachtach. Comhordaíonn agus spreagann an CRI tionscnaimh sábháilteachta iarnróid freisin idir an tionscal agus páirtithe leasmhara seachtracha. Féadfar tuilleadh mionsonraí faoi ról agus fheidhm an Choimisiúin a lorg ar shuíomh idirlín an CRI **www.crr.ie**.

## 1.4 Coinníollacha maidir leis na Staitisticí

Táirgeann an CRI an tuairisc seo chun faisnéis a sholáthar do pháirtithe leasmhara agus don phobal faoi fheidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta ag eagraíochtaí éagsúla iarnróid na hÉireann. Tá sé d'aidhm ag an CRI go mbeidh an fhaisnéis seo tráthúil agus cruinn. Ba cheart aire an CRI a tharraingt ar aon earráidí, agus déanfar gach iarracht chun iad a cheartú.

Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara gur beartaíodh na figiúir a úsáidtear sa tuairisc seo chun treochtaí leathana a léiriú agus nach bhfuil sé i gceist go léifear iad mar fhigiúir ríomhairithe bheachta. Rinneadh slánú ar uimhreacha agus d'fhéadfadh sin dul i bhfeidhm ar na sonraí foriomlána. Soláthraíonn na heagraíochtaí iarnróid éagsúla dúinn na sonraí a úsáidtear chun an tuarascáil seo a thiomsú go tréimhsiúil i rith na bliana. Cuirtear sonraí comhshuimithe i láthair sa tuarascáil seo agus cuirtear feidhmíocht bliain ar bhliain i gcomparáid ann in éineacht le tráchtaireacht maidir le roinnt táscairí tábhachtacha faoin bhfeidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta.

Cé go bhfuil gach iarracht déanta ag an CRI le cruinneas na sonraí a chinntiú, ní ghlacann sé aon fhreagracht air fhéin as sonraí ó thríú páirtithe a chuirtear i láthair sa tuarascáil seo.



# 2 | Treochtaí ó thaobh na Sábháilteachta Iarnróid in Éirinn

## 2.1 2.1 Réamhrá


Táthar ag meas fheidhmíocht na nEagraíochtaí Iarnróid i bPoblacht na hÉireann ó thaobh na sábháilteachta i leith na gceithre phríomh-fho-earnráil iarnróid a thagann faoi rialáil an CRI, mar atá, iarnród trom, iarnród éadrom, comhéadain ar mhótarbhealaí poiblí le córais iarnróid tionsclaíocha, agus iarnróid oidhreachta.

## 2.2 Iarnród Éireann


### 2.2.1 Staitisticí Oibriúcháin

Ag deireadh 2018, thug Bainisteoir Bonneagair Iarnród Éireann (BB-IÉ) le fios don CRI go raibh 1680 ciliméadar i gceist le bealaí a líonra oibriúcháin, laghdú an-bheag ar 2017, mar gheall gur díchoimisiúnaíodh líon beag taobhlach. Ní raibh aon athruithe suntasacha ar an líonra nó ar phatrún oibriúcháin na dtraenacha.

Tháinig méadú 5% ar thurais ag paisinéirí ar líon na dturas in 2017, go dtí beagnach 48 milliún (Figiúr 1) rud lena léirítear an téarnamh leanúnach sa gheilleagar, agus atá níos airde ná buaicphointí nach bhfacthas ó 2007 (45.51m) agus taispeántar freisin méadú 30% ar thurais phaisinéirí ón bhfigiúr ab ísle in 2012. Is féidir a bheith ag súil leis go leanfaidh treocht an mhéadaithe ar líon na dturas ag paisinéirí ar aghaidh rud a gcuirtear fáilte roimhe ar ndóigh, ach tá dúshláin tagtha chun cinn do Ghnóthas Iarnróid – Iarnród Éireann (GI-IÉ) mar gheall air seo freisin áfach, toisc go bhfuil seirbhísí traenacha na mbuaicthréimhsí gar d'iomlán a gcumais, nó tá iomlán a gcumais bainte amach acu cheana féin.






*Figiúr 1: Turais ag Paisinéirí ar IÉ 2003-2018*



Léirítear le Figúr 2, cé go bhfuil méadú tagtha ar líon na dturas ag paisinéirí, chuaigh líon foriomlán na gciliméadar traenach i laghad de bheagán in 2018. Tháinig méadú thart faoi 1% ar chiliméadair traenacha paisinéirí de chuid GI-IÉ áfach mar sin is ó oibreoirí eile a thagann an laghdú ar na ciliméadair traenach (m.sh. *BBRI, RPSI*, traenacha innealtóireachta BB-IÉ). Tugann an diofar idir an fás ar thurais phaisinéirí (5%) agus ciliméadair traenacha paisinéirí (1%) le fios go bhfuil traenacha ag oibriú ar leibhéal níos gaire d'iomlán a gcumais, rud a thugann le fios thairis sin go bhfuil úsáid níos éifeachtúlaí á baint as rothstoc. Is eol don CRI go bhfuil iomlán na flíte i mbun feidhme agus nach bhfuil aon charráistí breise ar fáil ag an am seo chun cumas a mhéadú faoi láthair.

D'fhan ciliméadair na dtraenacha lastais mórán mar a chéile ó 2013 agus leanann siad ar aghaidh ar an léibhéal céanna in 2018.








*Figiúr 2: Ciliméadair Traenacha Paisinéirí (barr) Ciliméadair Traenacha Lastais (bun) ar Líonra BB-IÉ*

Tá laghdú suntasach déanta ag Iarnród Éireann ar líon na bhfostaithe le 10 mbliana anuas (Figiúr 3), ach ní dheachaigh an treocht seo aon cheo in airde le 6 bliana anuas, agus mórán an líon céanna foirne ann go seasta ó 2013. Agus líon na bpaisinéirí ag dul i méad agus éileamh ar níos mó seirbhísí traenach i gcoitinne, is dócha go mbeidh ar Iarnród Éireann níos mó Tiománaithe traenach a earcú sna blianta amach romhainn. Le méadú ar thrácht iarnróid, caithfear níos mó cothabhála a dhéanamh ar bhonneagar agus ar rothstoc freisin, agus dá thoradh sin, beidh líon leordhóthanach de lucht oibre inniúil, cibé acu go hinmheánach nó ar fo-chonradh, criticiúil go gcoinneofar sábháilteacht oibriúcháin agus bhonneagair ar bun.

### 2.2.2 Staitisticí Iarnród Éireann faoi Bhásanna & Ghortuithe

Léirítear le Tábla 1 na básanna agus na gortuithe a d'fhág gur cailleadh am, a tuairisíodh a tharla d'fhostaithe chomh maith le básanna agus gortuithe do thríú páirtithe ar an líonra iarnróid náisiúnta le deich mbliana anuas.




*Figiúr 3: Pearsanra i mbun fostaíochta lánaimseartha le IÉ (2009 – 2018)*

*Tábla 1: Staitisticí bhásanna & ghortuithe oibriúcháin IÉ de réir na bliana (2009 – 2018)*

| Catagóir | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | Treocht |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Oibriúcháin iarnróid: gortuithe marfacha do phaisinéirí** | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach do phaisinéir de bharr tionóisce traenach, ní ag crosaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do phaisinéir de bharr tionóisce traenach ag crosaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do phaisinéir ag taisteal ar thraein, seachas i dtionóisc traenach | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do phaisinéir ag iarraidh dul isteach nó amach as traein | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| **Bonneagair iarnróid: gortuithe do thríú páirtí** | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus a bhain le traein | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus nár bhain le traein | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach d'fhostaí ag crosaire comhréidh de bharr traein a bheith ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach d'fhostaí de bharr traein a bheith ag gluaiseacht (seachas ag crosaire comhréidh) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach d'fhostaí agus nár tharla de bharr traein a bheith ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| **Bonneagar iarnróid: gortuithe marfacha d'fhostaithe** | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach d'fhostaí ag crosaire comhréidh de bharr traein a bheith ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach d'fhostaí de bharr traein a bheith ag gluaiseacht (seachas ag crosaire comhréidh) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach d'fhostaí agus nár tharla de bharr traein a bheith ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| **Oibriúcháin iarnróid: gortuithe marfacha do dhaoine eile** | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach de bharr traein a bheith ag gluaiseacht, ní ag crosaire comhréidh | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do chustaiméir nó do chuairteoir, gan baint ag aon traein leis | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach a bhain le traein a bhí ag gluaiseacht ar iarnród nó ar chrosaire comhréidh lenar tugadh le fios gur foghail nó bás amhrasach a bhí i gceist | 3 | 8 | 7 | 5 | 4 | 6 | 2 | 5 | 12 | 9 | |
| **Oibriúcháin iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do phaisinéirí** | | | | | | | | | | | |
| Gortú do phaisinéir ag taisteal ar thraein de bharr tionóisce traenach, ní ag crosaire comhréidh | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú do phaisinéir ag taisteal ar thraein de bharr tionóisce traenach ag crosaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú do phaisinéir a bhí ag iarraidh dul isteach nó amach as traein | 17 | 64 | 46 | 41 | 39 | 45 | 48 | 79 | 57 | 74 | |
| Gortú do phaisinéir a bhí ag taisteal ar thraein, i gcás seachas de bharr tionóisce traenach | 40 | 28 | 10 | 27 | 43 | 18 | 15 | 31 | 33 | 46 | |
| **Bonneagar iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do thríú páirtí** | | | | | | | | | | | |
| Gortú a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus a bhain le traein | 0 | 0 | 1 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | |
| Gortú d'úsáideoir crosaire comhréidh nár bhain le traein | 1 | 0 | 2 | 5 | 3 | 0 | 1 | 2 | 6 | 0 | |
| **Bonneagar iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do dhaoine eile** | | | | | | | | | | | |
| Gortú do chustaiméir nó do chuairteoir ar áitreabh | 56 | 85 | 113 | 116 | 193 | 205 | 146 | 192 | 321 | 199 | |
| Gortuithe do dhaoine eile, daoine neamhúdaraithe san áireamh | 0 | 0 | 0 | 5 | 3 | 0 | 1 | 2 | 6 | 0 | |
| **Oibriúcháin iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe** | | | | | | | | | | | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach | 13 | 11 | 7 | 13 | 5 | 21 | 3 | 1 | 15 | 13 | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ar an iarnród ach ní de bharr traein a bhí ag gluaiseacht | 31 | 27 | 22 | 32 | 39 | 43 | 32 | 30 | 30 | 13 | |
| **Bonneagar Iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe** | | | | | | | | | | | |
| Gortú a bhain d'fhostaí a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach | 0 | 1 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ar an iarnród ach ní de bharr traein a bhí ag gluaiseacht | 34 | 30 | 23 | 32 | 41 | 25 | 6 | 23 | 22 | 26 | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ag crosaire comhréidh ach ní de bharr traein a bhí ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 2 | 0 | 3 | 1 | 1 | |
| **Aonán i gceannas ar an gcothabháil agus ar cheardlanna chothabhála: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe** | | | | | | | | | | | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ar an iarnród ach ní de bharr traein a bhí ag gluaiseacht | 21 | 10 | 18 | 10 | 14 | 18 | 13 | 11 | 10 | 12 | |


#### 2.2.2.1 Gortuithe Marfacha

Níor tharla aon bhásanna nó ghortuithe tromchúiseacha i gcás paisinéirí in 2018, ach lean an ráta réasúnta ard de bhásanna ag foghluithe ar aghaidh is naoi gcinn taifeadta in 2018, an leibhéal céanna is a bhí ann in 2017. I ngach cás gur féidir, tagraíonn an CRI do bhreith chrónéara chun cabhrú leis na cúinsí maidir le bás a aicmiú.

#### 2.2.2.2 Gortuithe do Phaisinéirí (Custaiméirí & Cuairteoirí)

Mar a tuairiscíodh inár dtuarascáil in 2017, tugann na sonraí le fios go dtarlaíonn an chuid is mó d'eachtraí do dhaoine i rith a gcuid ama ag stáisiúin seachas am a chaitheann siad ar thraenacha agus b'amhlaidh an scéal in 2018. Bíonn seo coitianta i gcás go leor iarnród mar gheall nach mbíonn paisinéirí ag gluaiseacht mórán nuair a bhíonn siad ar bord traenach.

Ba iad gortuithe do dhaoine (custaiméirí nó cuairteoirí) ar áitreabh iarnróid an grúpa aonair is mó, agus is é sleamhnú, tuisliú agus titim ba mhinice ab údar leis na gortuithe sin. Maidir leis an méadú suntasach ar ghortuithe do chustaiméirí agus do chuairteoirí ar áitreabh a chonacthas in 2017, tá a mhalairt de threocht ann anois is líon na ngortuithe ar ais ar leibhéil is inchomparáide le 2013-2016 (Figiúr 4). Údar spreagaidh is ea seo i bhfianaise líon na bpaisinéirí a bheith dulta i méad.





*Figiúr 4: Staitisticí faoi Ghortuithe do Phaisinéirí de réir na bliana*

#### 2.2.2.3 Gortuithe d'Fhostuithe

Cuirtear gortuithe d'fhostaithe i gcatagóir ar an gcéad dul síos de réir earnáil an chórais iarnróid ina n-oibríonn siad, .i., Oibriúcháin Iarnróid, Cothabháil/tionscadail bhonneagair agus Aonán i gCeannas ar Chothabháil (ECM)[1].


Bhí laghdú suntasach ar Eachtraí a D'fhág Gur Cailleadh Am (LTI) nár bhain le traenacha ag gluaiseacht, rud a d'fhág gur sroicheadh an leibhéal ab ísle le 10 mbliana. Chun an figiúr sin a chothromú áfach, bhí an-mhéadú ar eachtraí dá leithéid a bhain le traenacha ag gluaiseacht, cé go dtugtar faoi deara gur taifeadadh leibhéal níos airde in 2014 (Figiúr 5).





*Figiúr 5: Staitisticí faoi Ghortuithe d'Fhostuithe de réir na bliana (Oibriúcháin Iarnróid)*

[1] Eagraíochtaí is ea *ECM*anna a dheimhnítear chun tabhairt faoi rothstoc a chothabháil, feithiclí lastais de ghnáth ach traenacha paisinéirí freisin i gcás Iarnród Éireann – Gnóthas Iarnróid.

Tháinig ardú beag ar líon na ngortuithe d'fhostaithe i ngnó an bhonneagair iarnróid mórán in 2018 (Figiúr 6), agus is cosúil gur rud aimhrialta a bhí sa laghdú a chonacthas in 2015, agus tá an treocht i gcás na nAonán i gCeannas ar Chothabháil (ECM) fós mórán ar aon dul le blianta roimhe (Figiúr 7).




*Figiúr 6: Staitisticí faoi Ghortuithe d'Fhostuithe de réir na bliana (Bonneagar Iarnróid)*





*Figiúr 7: Staitisticí faoi Ghortuithe d'Fhostuithe de réir na bliana (ECM Iarnróid)*

### 2.2.3 Staitisticí Iarnród Éireann maidir le Tionóiscí Oibriúcháin

#### 2.2.3.1 Imbhuailtí Traenach


Is féidir riosca suntasach a bheith ag baint le himbhuailtí traenach do phaisinéirí, criú, tríú páirtithe agus don chomhshaol. Is iomaí catagóir imbhuailtí traenach ann, m.sh., imbhualadh le feithiclí bóthair, le hainmhithe, le constaic srl. Léirítear le Figiúr 8 an treocht maidir le himbhuailtí le 10 mbliana anuas. Tacaíonn Tábla 2 agus Figiúr 9 le Figiúr 8 chun cabhrú leat na sonraí a thuiscint. Tá dhá chatagóir dealaithe óna chéile i bhFigiúr 9, 'Líon Iomlán Imbhuailtí le Constaicí ar an Líne' agus 'Imbhuailtí Traenach le hainmhithe móra', chun infheictheacht na sonraí a bhreisiú toisc nach mór an chabhair iad na sonraí ina n-aonar. Taispeánann na sonraí foriomlána gur tháinig laghdú leanúnach ar imbhuailtí in 2018.




*Figiúr 8: Imbhuailtí Iomlána de réir na bliana*

| Catagóir | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | Treocht |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Imbhualadh traenach le traein phaisinéirí nó earraí ar líne reatha** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| **Imbhualadh traenach/feithicle iarnróid agus í ag stáisiún nó á gluaiseacht le sealbhú** | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 2 | 1 | |
| **Imbhualadh traenach le mótarfheithicil ag crosaire comhréidh** | 0 | 2 | 1 | 2 | 1 | 2 | 0 | 0 | 3 | 1 | |
| **Imbhualadh traenach le coisí ag crosaire comhréidh** | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| **Imbhualadh traenach le geataí faoi fhreastal ag crosaire comhréidh** | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | |
| **Imbhualadh traenach le mótar-fheithicil a bhí ag bacadh na líneach (ní ag crosaire comhréidh)** | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | |
| **Imbhualadh traenach le constaic eile ar an líne** | 10 | 1 | 7 | 6 | 7 | 29 | 1 | 31 | 25 | 23 | |
| **Imbhualadh traenach le hainmhí nó ainmhithe móra ar an líne** | 20 | 24 | 35 | 26 | 29 | 9 | 29 | 35 | 23 | 11 | |
| **IOMLÁN** | **31** | **29** | **43** | **36** | **39** | **41** | **33** | **68** | **53** | **36** | |

*Tábla 2: Mionsonraí Staitisticí na nImbhuailtí Traenach de réir na bliana Cuid 1*




*Figiúr 9: Mionsonraí Staitisticí faoi Imbhuailtí Traenach de réir na bliana, cuid 2*


Léirítear le Tábla 2 go raibh an catagóir 'imbhualadh traenach le constaic eile ar an líne' mórán ar aon dul le 2017. Chonacthas in 2018 go raibh líon na n-imbhuailtí le hainmhithe móra ag dul i laghad go leanúnach, ón mbuaicphointe in 2016. Thit gach catagóir imbhuailte eile nó d'fhan mar a chéile in 2018.

Bhí roinnt luaineachta sna sonraí idir 2013 agus 2018, ach tá na treochtaí ag gluaiseacht i dtreo dearfach ó 2016, .i. laghdú ag teacht ar imbhuailtí. Faoi mar a pléadh i dtuairiscí roimhe, cuireann ainmhithe (fianna, eallach agus caoirigh) go mór le staitisticí na n imbhuailtí in Éirinn, ach tháinig laghdú ar líon na gcineálacha imbhuailtí seo in 2018. Tugtar faoi deara go mb'fhéidir go bhfuarthas an éifeacht a bhíothas ag iarraidh de bharr infheistíocht Iarnród Éireann i gcórais chlaíocha i rith na tréimhse seo chun bac a chur ar nithe a bheith ag dul ar a n-iarnród. Lena chois sin, ba cheart go gcuideodh an laghdú ar líon na gcrosairí comhréidhe le deich mbliana anuas leis an treocht seo.

### 2.2.3.2 Crosairí Comhréidhe


Riosca suntasach is ea crosairí comhréidhe don iarnród agus d'aon tríú páirtí a úsáideann iad. Tá laghdú ar líon na gcrosairí comhréidhe ina threocht atá fadbhunaithe anois, faoi mar a léirítear le Figiúr 10 agus Figiúr 11; bhí 1701 crosairí comhréidhe ann in 2004 in aghaidh 934 a taifeadadh i gcomhair 2018.

Léirítear le Figiúr 10 líon na gcrosairí comhréidhe ar línte gníomhacha. Chabhraigh iarrachtaí leanúnacha ag Iarnród Éireann go mór leis an riosca a bhaineann le crosairí comhréidhe a laghdú.




*Figiúr 10: Líon na gcrosairí comhréidhe de réir na bliana*


Léirítear le Figiúr 11 miondealú na gcrosairí comhréidhe de réir cineáil agus bliana in Éirinn. Is iad crosairí comhréidhe éighníomhacha ar bhóithre poiblí, lena gceanglaítear ar an úsáideoir bóthair geataí a oscailt agus a dhúnadh de láimh, fós an cineál crosaire comhréidh is contúirtí, agus crosairí comhréidhe éighníomhacha 'De Chineál Goirt' beagán ina dhiaidh, sin crosairí a d'fhéadfadh feirmeoir a úsáid dá mbeadh talamh acu ar dhá thaobh iarnróid. Dúnadh líon níos lú de chrosairí comhréidhe in 2018 i gcomparáid leis an dá bhliain roimhe, ach tá laghdú ag teacht ar na figiúir fhoriomlána dá ainneoin sin, rud a bhfuil fáilte roimhe. Tá Iarnród Éireann i mbun athbhreithnithe faoi láthair ar dhearthaí nuálacha teicneolaíochta chun sábháilteacht agus oibriúchán ag crosairí comhréidhe a oibríonn an t-úsáideoir, a bhreisiú agus iad ag feidhmiú faoi shrianta teanna buiséid.




*Figiúr 11: Crosaire Comhréidh de réir cineáil in Éirinn*

#### 2.2.3.3 Comharthaí Contúirte a nDeachthas Tharstu (*SPAD*)

Sainmhínítear *SPAD* mar rud atá tarlaithe nuair a théann traein thar chomhartha stad (dearg) gan údarás. Eachtra réamhchúrsa áirithe is ea *SPAD*anna ar a ndéanann an CRI montóireacht go rialta i rith a chuid cruinnithe maoirseachta le BB-IÉ agus GI-IÉ. Laghdú seasta is ea an treocht atá ann le blianta beaga anuas; cé go raibh sonraí i gcomhair 2018 níos airde ná an bhliain roimhe, bhí sé fós ar aon dul leis an treocht íseal le blianta beaga anuas (Figiúr 12).




*Figiúr 12: SPADanna IÉ de réir na bliana*

### 2.2.3.4 Traenacha ag Imeacht de na Ráillí

Fanann líon na gcásanna ina n-imíonn traenacha de na ráillí ar leibhéil ísle agus níl aon athrú tagtha orthu ó 2016 agus 2017 (Figiúr 13). Gníomhaíochtaí tábhachtacha is ea cigireacht agus cothabháil ar rianta a dhéantar mar chuid den ghnáthamh, lena laghdaítear an dóchúlacht go dtarlóidh cásanna ina n imíonn traenacha de na ráillí. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh faireachas ó fhostaithe iarnróid a oibríonn i dtaobhlaigh, in éineacht le córais oibre sábháilte a thuigeann an foireann iarnróid, líon na gcásanna den chineál seo a laghdú.

Ní dheachaigh aon traein de na ráillí ar línte reatha in 2018, agus tharla na cúig chás go léir ina ndeachaigh traein de na ráillí i dtaobhlaigh IÉ. Ní bhaineann mórán rioscaí leis na cásanna sin i dtaobhlaigh de ghnáth, ach déanfaidh an CRI monatóireacht leanúnach orthu mar sin féin.


### 2.2.4 Eachtraí ar Rothstoc Iarnród Éireann

Oibríonn Iarnród Éireann roinnt flíteanna difriúla chun seirbhísí iarnróid a sholáthar. Áirítear leo siúd:

- Ilionad Díosail Idirchathrach (Aicme 22000)
- Ilionad Díosail (Aicmí 29000, 2800, 2600)
- Ilionad Leictreach (Aicmí 8100, 8200, 8500)
- Gluaisteoirí (Aicmí 201, 071)
- Carráistí Paisinéirí (Mark IV agus DeDietrich)
- Vaigíní lastais (de chineálacha éagsúla)

Baineann roinnt táscairí feidhmíochta buntábhachtacha ó thaobh na sábháilteachta le rothstoc (Figiúr 14), go sonrach:

- Tionóiscí dóiteáin nó gail
- Traein ag scoilteadh (ag dul ina pháirteanna) i mbun seirbhíse
- Cliseadh ar Imthaca Acastóra Rothstoic
- Trioblóidí le Doirse





*Figiúr 13: Traenacha a Chuaigh de na Ráillí de réir na Bliana*

D'fhéadfadh cásanna ina gcliseann ar rothstoc a bheith ina n-údar tubaistí ollmhóra. D'fhan líon na gcásanna inar tharla a leithéid íseal in 2018 agus thit gach catagóir de bheagán nó d'fhanadar mar a chéile le 2017.

### 2.2.5 Eachtraí maidir le Bonneagar Iarnród Éireann

Áirítear thart faoi 1680 ciliméadar de bhealaí (km) nó 2,400 de rianta oibriúcháin le líonra BB-IÉ faoi láthair, agus tá thart faoi c.4,440 droichead ann, chomh maith le c.1,100 críochphointe, c.970 crosairí comhréidhe, 144 stáisiún, 3,300+ gearrthóg agus claífort, 372 ardán agus 13 thollán. Tá bealaí príomhlíne, bealaí paisinéirí fho-bhailte agus comaitéireachta Bhaile Átha Cliath san áireamh sa líonra, in éineacht le bealaí do thraenacha lastais amháin.


Caithfear cigireacht agus cothabháil a dhéanamh ar na sócmhainní seo chomh minic agus a fhorordaítear de réir a bhfuil i gceist go mbeidh siad i gcónaí oiriúnach le húsáid. Tá iliomad structúr leagáide i líonra iarnróid na hÉireann mar dhroichid agus líntéir, a mbeadh go leor díobh breis is 100 bliain d'aois. Mar gheall ar a n-aois agus a n-úsáid, sócmhainní leochaileacha is ea iad seo agus d'fhéadfadh cliseadh orthu mura gcothabháiltear iad. Chun an seans go dtarlóidh seo a íoslaghdú, tugtar faoi chigireachtaí agus ghníomhaíochtaí cothabhálacha coisctheacha cuimsitheacha, ach tarlaíonn eachtraí ó am go chéile áfach agus cuirtear sonraí a bhaineann le cuid díobh sin i láthair anois.





*Figiúr 14: Líon na n-eachtraí rothstoic de réir na bliana*

### 2.2.5.1 Ráillí agus Lioscáin Bhriste

Déanann pearsanra Iarnród Éireann cigíreacht ó amharc ar na rianta agus ar shócmhainní gaolmhara uair amháin in aghaidh na seachtaine ar a laghad. Déanann Innealtóirí agus Bainisteoirí Bonneagair cigireacht ar an rian roinnt uaireanta gach bliain trí Charr Cigireachta aonfheidhme a úsáid. Déantar tástáil ultrasonach ar na ráillí féin gach 2 bhliain ar a laghad, agus déantar tástáil ar fhormhór mór na ráillí ar bhonn bliantúil. In 2018, bhí díreach aon ráille amháin briste ar líne lena n-iompraítear paisinéirí, rud a thagann le líon íseal na gcásanna le blianta beaga anuas (Figiúr 15). Cé nár tháinig tionóisc traenach as sin, réimse is ea é a bhfanann Iarnród Éireann san airdeall ina leith. Déanann an CRI monatóireacht ar bhainistíocht Iarnród Éireann ar a chuid sócmhainní trína chruinnithe maoirseachta rialta, agus trínár gcigireacht agus iniúchóireachtaí chomh maith.




*Figiúr 15: Ráillí Briste de réir na bliana*





*Figiúr 16: Lioscáin Scoilte nó Bhriste ar Líonra IÉ, de réir na bliana*

Nasc boltáilte speisialta a cheanglaíonn dhá ráille le chéile is ea lioscán. Dá mbrisfí ceann, ní bheidh an ráille leanúnach ansin, agus d'fhéadfadh sé tarlú, i gcúinsí áirithe, go rachadh traein de na ráillí. Tá an treocht maidir le 'Lioscáin Scoilte nó Bhriste' dulta i méad de bheagán in 2018, ag briseadh an treochta lena raibh sin ag dul in ísle ar an iomlán go leanúnach mar a chonacthas ó 2012 (Figiúr 16). D'fhéadfaí an laghdú mór i gcaitheamh thréimhse na 10 mbliana a chur síos do ráille táite leanúnach (CWR) a suiteáladh is a tionscnaíodh faoin gClár Infheistíochta i Sábháilteacht Iarnróid. (1998-2013) agus a lean ar aghaidh ón uair sin.

#### 2.2.5.2 Cásanna inar Buaileadh Droichid

Tá breis is 4400 droichead a gcaithfidh BB-IÉ cigireacht a dhéanamh orthu agus tá dhá chatagóir de dhroichead iarnróid le seiceáil. Is éard atá i gceist leis an gcéad cheann ná bóthar thar an iarnród (tardhroichead) agus an dara ceann, mar a mbíonn an t-iarnród thar bhóthar (faoi droichead). Is éard a bhíonn i gceist le cás ina bhuailtear droichead mar sin ná feithicil bhóthair ag bualadh uchtbhalla nó srianadh an droichid ar thaobh bhóthair tardroichid nó feithicil bhóthair a bhuaileann taobh íochtair droichid iarnróid thar bhóthar (faoi droichead). D'fhéadfadh iarmhairtí iontach tromchúiseach a bheith i gceist leis an dá chineál eachtra.

Tháinig ardú ar líon iomlán na gcás inar bualadh droichid, .i. faoin droichead agus thar an droichead araon, in 2018 i gcomparáid le 2017 (95 in aghaidh 84 in 2017) agus cásanna inar bualadh taobh íochtair an droichid ab ea tromlach na gcásanna (Figiúr 17). Ar an iomlán, d'fhan an treocht maidir le cásanna inar tharla bualadh faoi agus thar dhroichid mórán mar a chéile ó 2009.




*Figiúr 17: Droichid Iarnróid ar bhuail feithiclí bóithre iad*

## 2.3 Balfour Beatty Rail Ireland

Oibríonn agus cothabhálann *Balfour Beatty Rail Ireland* Teoranta (BBRI) trealamh cothabhála rianta troma faoi chonradh do Bhonneagar-Iarnród Éireann. Aicmítear iad mar Ghnóthas Iarnróid (GI) faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005 agus tá Córas Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) acu.

Ceanglaítear leis seo orthu an dlí ábhartha céanna a chomhlíonadh is a chomhlíonann Glanna eile agus iad i mbun gluaiseachtaí ar líonra IÉ. Cé nach n-iompraíonn siad paisinéirí, bíonn a gcuid gníomhaíochtaí criticiúil don tsábháilteacht agus d'fhéadfaidís a bheith ina n-údar díobhála suntasaí mura rialaítear i gceart iad.

In 2018 d'fhostaigh *BBRI* 55 ball foirne. Ní fheidhmíonn *BBRI* aon seirbhísí do phaisinéirí agus soláthraíonn siad go leor dá gcuid seirbhísí taobh amuigh de na buaicthréimhsí agus de thréimhsí i rith an lae. Ba é 99,208km líon iomlán na km-traenach fhlít an *OTM* in 2018, laghdú nach beag ar 118,848km in 2017. Cuirtear an laghdú seo ar mhíleáiste síos do phleanáil fheabhsaithe, as ar tháinig laghdú ar shealanna trasdula, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar fhigiúr míleáiste iomlán na flíte *OTM* foriomláine.

Léirítear le Tábla 3 na tarlúintí tuairiscithe do *BBRI* in 2018, lena n-áirítear dhá *SPAD* gan aon chás ar bith ina ndeachaigh traein de na ráillí. Tharla ceann de na *SPAD*anna de thoradh mírialtacha sealúchais agus an *OTM* ag dul isteach sa sealúchas. Tharla an dara *SPAD* ag Deilginis i mí na Samhna. Rinne an CRI Imscrúdú Iarthionóisce ar an mírialtacht sealúchais le comhlíonadh a dhearbhú agus chun tacú le próiseas na foghlama ó eachtraí.

*Tábla 3: Tarlúintí ar BBRI 2018*

| Tarlúint | 2017 | 2018 |
|---|---|---|
| *SPAD* | 1 | 2 |
| Imeacht de na Ráillí | 2 | 0 |
| Mionghortuithe ceirde | 2 | 1 |
| Eachtraí lena ndearnadh damáiste do bhonneagar iarnróid | 20 | 4 |



### 2.4 Staitisticí *Transdev* (Luas)


Is le Bonneagar Iompair Éireann (BII) córas Iarnróid Éadroim Bhaile Átha Cliath, lena n áirítear na tramanna ar fad agus bonneagar na mbealaí tram. Tá *Transdev* tar éis a bheith ag oibriú chóras iarnróid éadroim an Luas ó tosaíodh ar an oibriúchán i mí Mheitheamh 2004. Bíonn *Alstom* freagrach faoi chonradh ar leith as na tramanna agus bonneagar na dtramanna araon a chothabháil agus is é *Transdev* a dhéanann maoirseacht ar an gconradh sin thar ceann BII.

Tá dhá líne i gceist leis an LUAS, an Líne Dhearg, atá 20 km ar fad agus ar a bhfuil 32 Stad agus an Líne Ghlas atá 24.5km ar fad agus ar a bhfuil 35 Stad.

Bhí díreach os cionn 41.8 milliún turas ag paisinéirí in 2018, i gcomparáid le 37.6 milliún in 2017 agus tháinig méadú ar chiliméadair na dtramanna ó 3.91 milliún go 4.17 milliún (Figiúr 18). Tá sé le feiceáil go bhfuil an treocht fadtéarmach ag leanúint ar aghaidh maidir le hardú a bheith ag teacht ar líon na dturas ag paisinéirí, agus tá borradh tagtha faoin treocht sin le dhá bhliain anuas. Ba chóir a thabhairt faoi deara gurbh é 2018 an chéad bhliain iomlán inar feidhmíodh síneadh na líne Traschathrach agus beidh cion suntasach de mhéadú 2018 mar gheall air sin.


#### 2.4.1 Imbhuailtí Tráchta ar Bóithre

Maireann an Luas in éineacht le trácht poiblí agus ar na bóithre ar feadh codanna suntasacha dá ailíniú, i lár chathair Bhaile Átha Cliath go háirithe. Oibríonn an Luas trí 'líne amhairc' go príomha, mar a bhíonn i gceist de ghnáth le formhór na gcóras iarnróid éadroim timpeall an domhain, ach i gcodarsnacht le hiarnród trom. Toisc go roinneann an Luas codanna den charrbhealach le feithiclí bóthair agus úsáideoirí eile bóithre, d'fhéadfadh imbhuailtí tráchta ar bhóithre agus imbhuailtí le coisithe agus rothaithe tarlú, agus is fíor go dtarlaíonn siad.





*Figiúr 18: Líon na dTuras ag paisinéirí Luas & Ciliméadair Tram a Taistealaíodh*

Tá laghdú beag tagtha ar líon na n-imbhuailtí tráchta ar bhóithre go dtí 25 in 2018 ó 29 in 2017 (Figiúr 19). Is ar an Líne Dhearg ar fad a bhí an laghdú sin, mar ar thit líon na n imbhuailtí tráchta ar bhóithre ó 23 in 2017 go 17 in 2018. Chuaigh líon na n-imbhuailtí i méad ó dhá cheann go hocht gceann ar an Líne Ghlas, agus tharla gach ceann ach amháin triúr ar an líne nua Traschathrach. In ainneoin na méaduithe sin, tháinig laghdú ar líon na n imbhuailtí tráchta ar bhóithre in aghaidh na milliún km-tram in 2018, i gcomparáid le 2017 (Figiúr 20) rud lena léirítear an méadú ar líon na gciliméadar traenach atá rite.





*Figiúr 19: Líon na nImbhuailtí Tráchta ar Bhóithre & tram i gceist*




*Figiúr 20: Líon na nImbhuailtí Tráchta ar Bhóithre in aghaidh na milliún km rite*

**2.4.2 Teagmháil idir Tram / Duine**

Chomh maith le himbhuailtí le feithiclí, bíonn an riosca ann maidir le tramanna a bheith ag teagmháil le coisithe agus rothaithe, go háirithe ag áiteanna mar a bhfeidhmíonn an tram taobh le trácht bhóthair agus mar a dtaistealaíonn tramanna trí acomhail bhóthair, i lár chathair Bhaile Átha Cliath mar shampla. Feidhmíonn cion nach beag de na Línte Dearga agus Glasa araon sa chathair mar a mbíonn cuid mhaith níos mó feithiclí bóthair agus coisithe. Toisc gurb amhlaidh seo, bíonn riosca méadaithe ann go dtarlóidh imbhuailtí le daoine. Tharla 11 eachtra dá leithéid san iomlán in 2018 (Figiúr 21), rud a fhágann go bhfuil treocht an mhéadaithe ag leanúint ar aghaidh ó 2017. As a measc sin, rothaithe ab ea beirt a bhí i gceist agus naonúr coisí agus tharla naoi n-eachtra ar an Líne Dhearg agus dhá cheann ar an Líne Ghlas.




*Figiúr 21: Daoine a tháinig i dteagmháil le Tram*


### 2.4.3 Tramanna a Chuaigh de na Ráillí

Tharla trí chás ina ndeachaigh tram de na ráillí in 2018 (Figiúr 22). Tugtar an méadú seo faoi deara agus is é an leibhéal is airde le 10 mbliana é. Tharla na trí chásanna sin ar fad in áiseanna cothabhála áfach, 1 in Iosta Áth an Ghainimh agus 2 cheann in Iosta na Bó Deirge. Cuireadh an cás in Áth an Ghainimh síos d'earráid an duine agus an dá cheann sa Bhó Dhearg, a tharla ar an lá céanna, síos do dhrochaimsir. Ní raibh stad ar an sneachta agus d'fhág mar a bhí an sneachta carntha i meicníocht na bpointí gur coisceadh a ngluaiseacht, rud a d'fhág go ndeachaigh na tramanna de na ráillí.


### 2.4.4 Cásanna inar Feidhmíodh Coscáin Éigeandála Tramanna

Le cois na gcoscán caighdeánacha, tá coscán leictreamaighnéadach rianta suiteáilte i dtram. Bíonn cásanna ann mar a gcaithfidh tiománaí an Coscán Éigeandála (CÉ) seo a fheidhmiú chun eachtra díobhálach a chosc. Mar sin, b'fhéidir gur príomh-tháscaire sábháilteachta úsáideach a bheadh i líon na gcásanna inar bhfeidhmíonn tiománaithe tramanna an coscán seo mar Choscán Éigeandála (CÉ).

Bhí 928 cás inar feidhmíodh na CÉanna in 2018, arb ionann sin agus méadú 16% ar chásanna 2017 agus an líon le 10 mbliana anuas (Figiúr 23). Rinne an CRI imscrúdú le fáil amach cibé acu an raibh an t-ardú ar chásanna inar feidhmíodh na Coscáin Éigeandála in 2017 de thoradh ghrúpa nua tiománaithe a bheith glactha isteach i rith na bliana sin, ach níorbh fhéidir sin a chruthú. Tugtar faoi deara áfach, go bhfuil líon na gciliméadar traenach a ritear tar éis dul i méad, ach tá an t-ardú ar chásanna na CÉanna fós ann nuair normáltar iad ina choinne sin.




*Figiúr 22: Tramanna a chuaigh de na ráillí*





*Figiúr 23: Cásanna inar Feidhmíodh na Coscáin Éigeandála*

## 2.5 Staitisticí Iarnróid Tionsclaíoch Bhord na Móna

Tá sainordú an CRI ó thaobh a mhaoirseachta ar iarnród tionsclaíoch Bhord na Móna (BNM) srianta chuig na háiteanna mar a dteagmhaíonn sé le bóithre poiblí. Bíonn na comhéadain seo ag crosairí comhréidhe agus mar a bhfuil droichid thar an iarnród tionsclaíoch. Ó thaobh staitisticí buntábhachtacha maidir leis an mbonneagar, tá 99 crosairí comhréidhe agus 50 íosbhealach faoi dhroichid ann.

Níor thuairiscigh Bord Na Móna go ndeachaigh aon traein ar bith de na ráillí nó gur tharla aon eachtra/tionóisc ag crosairí comhréidhe in 2018 (Figiúr 24).




*Figiúr 24: Traenacha Bhord na Móna a chuaigh de na ráillí agus eachtraí/tionóiscí ag crosairí comhréidhe*

## 2.6 Iarnróid Oidhreachta

Sainmhínítear iarnród oidhreachta i reachtaíocht na hÉireann mar *'duine nach bhfeidhmíonn seirbhísí traenach nó bonneagair iarnróid ach chun críocha staire nó suime ó thurasóirí.'* Déanann an CRI montóireacht ar oibriúcháin deich n-iarnród oidhreachta féinchoinnithe. Is iad seo thíos iad:

- Iarnród an Chabháin agus Liatroma[2]
- Iarnród Thrá Lí agus an Daingin[2]
- Iarnród Loch *Difflin*, Páirc *Oakfield*, Ráth Bhoth
- Iarnród Iarthar an Chláir[2]
- Iarnród Bhaile na Finne & na nGleannta
- Iarnród Phort Láirge agus Ghleann na Siúire *(W&SVR)*
- *Irish Steam Preservation Society* An Sráidbhaile
- Iarnród Oidhreachta an Loilíoch Mór
- Aonráille *Lartigue* Lios Tuathail

Thug an CRI d'údarás do na hiarnróid oidhreachta ar fad Córas Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) a dhoiciméadú go bhfaomhfadh an CRI (an CSI mar a bhí) faoin 1ú Eanáir 2014 é, ar aon dul le caighdeáin Eorpacha. Leagtar amach le treoirlíne de chuid an CRI 'RSC-G-022' (Eagrán 2), a foilsíodh an 21ú Eanáir 2013, na heilimintí a chaithfidh iarnród oidhreachta a chur isteach ina Chóras Bainistíochta Sábháilteachta.

Níor tuairiscíodh aon tionóiscí nó eachtraí don CRI in 2018 ar aon cheann de na hiarnróid oidhreachta.

### 2.6.1 *Railway Preservation Society of Ireland (RPSI)*

Cás iarnróid oidhreachta speisialta is é an *Railway Preservation Society of Ireland* (RPSI) toisc nach iarnród oidhreachta féinchoinnithe atá ann. Ina áit sin, oibríonn siad traenacha oidhreachta arna dtarraingt le gal agus díosal ar líonra iarnróid Iarnród Éireann agus mar sin tá Deimhniú Sábháiltachta acu lena gceadaítear dóibh oibriú mar Ghnóthas Iarnróid (GI). Mar GI faoin Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid ón Eoraip, bíonn siad faoi réir réimis mhaoirseachta dhifriúil a thagann leis na rioscaí a thugann siad isteach ar líonra Iarnród Éireann. Mar GI, tá deimhniú sábháilteachta faighte ag an *RPSI* bunaithe ar inghlacthacht a Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta, agus déanann an CRI maoirseacht ar chomhlíonadh an chórais sin acu freisin.

Rith an *RPSI* isteach is amach 5413 míle (8660km) in 2018, ardú beag ar fhigiúr 2017 (5161 míle), gan aon tionóiscí nó gortuithe do phaisinéirí nó do bhaill foirne tuairiscithe.

[2] Ní bhfuair na hiarnróid seo Deimhniú Bainistíochta Sábháilteachta ón CRI fós agus tuairiscíodh nach raibh siad i mbun feidhme in 2018




# 3 Uiríll ón bPobal


## 3.1 Réamhrá

Cuireann an CRI fáilte roimh an bpobal, paisineirí, foirne iarnróid agus daoine eile le dul i dteagmháil leo faoi chúrsaí ó thaobh na sábháilteachta iarnróid. Bíonn áiseanna ar fail chun dul i dteagmháil leis an CRI ar an bhfón, ar an bpost, ar ríomhphost, nó trí shuíomh idirlín an CRI **(www.crr.ie)**. Bíonn ionchur ó na páirtithe leasmhara éagsúla, lena n-áirítear fostaithe, paisinéirí, agus an pobal i gcoitinne ina fhoinse luachmhar faisnéise agus is minic a chabhraíonn sé linn gníomhaíocht mhaoirseachta a spriocdhíriú agus an tsábháilteacht iarnróid a fheabhsú. I gcás go mbaineann na saincheisteanna le seirbhís seachas sábháilteacht, treoraíonn an CRI an t-uiríoll chuig an aonán cuí. I gcás go mbaineann an cheist le sábháilteacht iarnróid, déanann an CRI a dhícheall, cibé cás gur féidir, chun déileáil leis an gceist go díreach. Más gá, tabharfaidh an CRI faoi chigireacht agus/nó lorgóidh faisnéis ón gcuideachta iarnróid chuí chun soiléiriú níos mó a fháil.

## 3.2 Sonraí agus Tráchtaireacht 2018

In 2018, fuair an CRI 31 uiríoll díreach nó indíreach a bhain le raon ceisteanna bonneagair agus oibriúcháin ó thaobh an iarnróid throm agus éadroim, 26 ceann níos lú ná a fuarthas in 2017 (Figiúr 25). As a measc sin, baineann 22 le hIarnród Éireann, baineann 12 cheann le GI-IÉ, agus baineann 10 gceann le BB-IÉ. Fuarthas cúig uiríoll a bhain le córas an LUAS (sé cheann in 2017), dhá cheann do Bhord na Móna (BNM; iarnród tionsclaíoch príobháideach), aon cheann amháin a bhaineann le hiarnród oidhreachta, agus aon fhiosrúchán amháin a bhaineann le líonra iarnróid na hÉireann i gcoitinne.

D'imscrúdaigh an CRI gach uiríoll agus i gcás gur gá, ghníomhaigh an CRI lena chinntiú go ndearna an Eagraíocht Iarnróid ábhartha gníomhartha ceartúcháin. Is é beartas an CRI go ndéanfar imscrúdú ar gach buaireamh a bhaineann leis an tsábháilteacht. Déantar uiríll a rianú go leanúnach le féachaint an dtagann na huiríll chéanna isteach arís agus chun treochtaí a bhrath. Má fheictear go dtarlaíonn ceachtar acu siúd, méadaítear gníomhaíochtaí monatóireachta chun na nithe is údar leo a dhéanamh amach agus aghaidh a thabhairt orthu.





*Figiúr 25: Uiríll ón bPobal chuig an CRI de réir na bliana*

Rinneadh tuilleadh anailíse ar uiríll ó 2018 agus miondealaíodh iad sna catagóirí seo a leanas:

- Sábháilteacht ag Stáisiúin: Fiosrúcháin a bhain le tionóiscí nó buairimh ag stáisiúin
- Sábháilteacht an Bhonneagair: Fiosrúcháin a bhain le Bonneagar Iarnróid mar dhroichid, rianta, crosairí comhréidhe nó claíocha
- Sábháilteacht Rothstoic: Fiosrúcháin a bhain le Feithiclí amhail feidhmíocht traenach, slándáil ráillí greime nó oibriú doirse
- Sábháilteacht Oibriúcháin Traenach: Fiosrúcháin a bhain le gníomhaíochtaí amhail lódáil traenach, iomarca luais faoi thraenacha nó rith roinnte tramanna
- Sábháilteacht maidir le hOibriú Traenach: Fiosrúcháin a bhain le gníomhaíochtaí oibriúcháin ar an iarnród amhail rialáil an líonra nó rialú bainistíochta
- Iarraidh ar Fhaisnéis: Iarraidh ar an CRI faisnéis nár bhain go sonrach leis an tsábháilteacht iarnróid (tabhair do d'aire gur iarratais suaithinseacha iad seo, ar leith ó iarratais faoi Shaoráil Faisnéise)

Taispeántar líon na n-uiríoll/ngearán de réir an chatagóra le Figiúr 26. Níl an miondealú mórán difriúil i gcomparáid le 2017 ó thaobh catagóirí ach bhí laghdú suntasach ar líon na n uiríoll a bhain le sábháilteacht bhonneagair agus rothstoic.

Ní féidir cúiseanna áirithe a chur síos do na mionathruithe seo in uiríll, agus leanfaidh an CRI ar aghaidh le montóireacht ar na treochtaí as seo amach le haghaidh aon athruithe móra.




*Figiúr 26: Uiríll ón bPobal chuig an CRI de réir an chatagóra*



# 4 Treochtaí ó thaobh na Sábháilteachta Iarnróid san Eoraip

## 4.1 Réamhrá


Ó thaobh na hEorpa, sainmhínítear an CRI mar an tÚdarás Náisiúnta Sábháilteachta (ÚNS) don líonra iarnróid in Éirinn. Tá ÚNS ag gach ballstát Eorpach, a gcaithfidh, de réir na Treorach maidir le Sábháilteacht Iarnróid (2004/49/CE), a thuarascáil bhliantúil faoi 'Chomhtháscairí Sábháilteachta' a bhaineann le sábháilteacht iarnróid a chur faoi bhráid Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh d'Iarnróid *(ERA)*. Déanann an Ghníomhaireacht anailís ar an tsábháilteacht iarnróid ar scála Eorpach faoi seach agus foilsíonn a thuarascáil. Ní chuirtear iarnród éadrom (Luas) nó córais 'metro' san áireamh i dtuarascálacha na Gníomhaireachta, ná córais iarnróid oidhreachta féinchoinnithe. Toisc go dtuairiscíonn na ÚNSanna ar bhonn bliana i riaráiste, agus go gcaithfidh an *ERA* méid sonraí nach beag a bhailíochtú, ní raibh ach sonraí chomh fada le 2016 ar fáil don tuairisc seo. Asbhaineadh sonraí as Bunachar *ERAIL* a choinníonn an Ghníomhaireacht is atá ar fáil go poiblí. Stór is ea é do shonraí Eorpacha faoin tsábháilteacht iarnróid, mar a chuirtear isteach ag Údaráis Náisiúnta Sábháilteachta. Cuirtear roinnt staitisticí atá ina n-údar spéise i láthair ón mbunachar sonraí seo. Is féidir sainmhínithe do chatagóirí sonraí a úsáidtear, i gcás nach luaitear iad, a lorg sa cháipéis *'Implementation Guidance for use of Common Safety Indicators',* a tháirgeann *EUAR* agus atá ar fáil ag **http://www.era.europa.eu/**.



### 4.2 Comparáidí idir na Líonraí

Cuirtear comparáidí i láthair thíos chun scála an tráchta ar Líonra na hÉireann a thaispeáint i gcomparáid le Ballstáit eile an AE. Tugtar na ciliméadair traenach (.i. líon na gciliméadar a thaistealaíonn traenacha gach bliain) le fios le haghaidh gach tíre le Figiúr 27.


Bíonn líon réasúnta beag de km-traenach ag Éirinn i gcomparáid le náisiúin eile na hEorpa, agus is é an seachtú ceann is lú as measc ghrupa an 29 é. Tá seo mar a bhféadfaí a bheith ag súil leis mar gheall ar mhéid agus dhlús dhaonra na hÉireann. Tháinig fás beag ar km-traenach na hÉireann idir 2015 agus 2016, mar aon le 14 tír eile san Eoraip agus chonacthas laghdú ar km-traenach in 12 thír agus d'fhan na figiúir do aon tír amháin mar an gcéanna. Chonacthas an méadú is mó ar km-traenach san Ungáir agus i dTollán Mhuir nIocht (16% agus 15% faoi seach) agus tháinig laghdú 11% ar km-traenach na Laitvia. I gcomparáid leis sin, tháinig méadú 0.54% ar km-traenach na hÉireann, rud beag níos ísle ná méanfhigiúr 1.49%.




*Figiúr 27: Iomlán na gciliméadar traenach (milliúin)*

Taispeántar le Figiúr 28 iomlán na gciliméadar a taistealaíodh ar líonra gach tíre i milliúin idir 2012-2016.


Is sa Ghearmáin (DE), san Fhrainc (FR) agus sa Ríocht Aontaithe a thaispeántar an úsáid ba throime as a líonra iarnróid ar an iomlán, agus idir 68 billiún (UK) agus 93 billiún (an Ghearmáin) ciliméadair ag paisinéirí in 2016. I gcodarsnacht leis sin, bhí beagnach 2 bhilliún ciliméadair ag paisinéirí ag Éirinn in 2016. Mar gheall ar mhéid bheag líonra na hÉireann áfach, is ionann sin agus úsáid thart faoi 108 ciliméadar ag paisinéirí le haghaidh gach ciliméadair traenach, i gcomparáid le 81 ciliméadar le haghaidh gach ciliméadair traenach ag paisinéirí san Eoraip ar an meán, rud a thugann le fios gur in Éirinn atá ceann de na líonraí lena mbaineann an dlús úsáide is mó.




*Figiúr 28: Iomlán na gciliméadar ag paisinéirí (milliúin)*

### 4.3 Na tionóiscí ar fad i gcoibhneas le m-traenach


Tionóiscí intuairiscithe is ea gach tionóisc sa chás seo faoi chuimsiú chreat na gComhtháscairí Sábháilteachta, faoi mar a chuirtear síos orthu sa Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid ón Aontas Eorpach 2004/49 (faoi mar a leasaíodh). Taispeántar le Figiúr 29 éagsúlacht suntasach trasna thíortha na hEorpa ó thaobh ráta na dtionóiscí in aghaidh na milliún ciliméadar traenach, ó uasmhéid 2.24 in 2016 (an Eastóin) go 0 mar íosmhéid 0 (Éire agus Tollán Mhuir nIocht). Ciallaíonn méid bheag líonra na hÉireann go gcaithfear a bheith cúramach is duine ag breathnú ar an staitistic toisc go mbeadh éifeacht láidir ag baint le líon beag tionóiscí fiú. Dá ainneoin sin, is in Éirinn a bhí ceann de na rátaí tionóisce is ísle i rith na tréimhse 2012-2016. Tá gá le faireachas agus feabhsú leanúnach go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh.




*Figiúr 29: Na tionóiscí ar fad in aghaidh na milliún km-traenach*

### 4.4 Comharthaí contúirte a ndeachthas tharstú i gcoibhneas le km traenach


Is in Éirinn a bhí an t-ochtú ráta ba mhó de SPADanna a tuairiscíodh in 2016 i gcoibhneas le milliún ciliméadar traenach (Figiúr 30). Tháinig feabhas ar na sonraí in 2016, agus arís in 2017 ach faoi mar a pléadh níos luaithe sa tuairisc seo, chuaigh ráta SPAD 2018 in olcas beagán. Níor cuireadh ach líon beag de SPADanna i gcatagóir na gceann tromchúiseach, ach tá feabhsuithe le déanamh sa réimse seo fós áfach.




*Figiúr 30: Comharthaí contúirte a ndeachthas tharstú in aghaidh na milliún km-traenach*

## 4.5 Tionóiscí ag crosairí comhréidh i gcoibhneas le km-traenach


Riosca suntasach is ea crosairí comhréidhe don tsábháilteacht iarnróid agus tá dlús na gcrosairí comhréidhe ar líonra na hÉireann níos airde ná an meánfhigiúr Eorpach. Tá sé soiléir ó na sonraí a chuirtear i láthair le Figiúr 31 áfach go bhfuil taifead sábháilteachta dearfach ag Éirinn, i gcomparáid le tíortha eile na hEorpa, ó thaobh tionóiscí ag crosairí comhréidhe i gcoibhneas le ciliméadair traenach.




*Figiúr 31: Tionóiscí ag crosairí comhréidhe i gcoibhneas le km-traenach*

### 4.6 Traenacha a chuaigh de na ráillí i gcoibhneas le km-traenach


Ní dheachaigh aon traein de na ráillí in Éirinn sa tréimhse 2012-2016, agus mar sin, is in Éirinn atá ceann de na rátaí is ísle trasna Bhallstáit an AE (Figiúr 32). Cé go n-oibríonn Líonra na hÉireann ar luas réasúnta íseal agus go gcuirtear an líonra chun feidhme ar bhonn níos lú i gcomparáid le roinnt ballstát eile, ní foláir bainistíocht chúramach a dhéanamh fós maidir leis an riosca ó thaobh traein a bheith ag imeacht de na ráillí, i dtimpeallacht dúshlánach mar a bhfuil laghdú tagtha ar acmhainní sa tréimhse atá faoi athbhreithniú.




*Figiúr 32: Traenacha a chuaigh de na ráillí i gcoibhneas le km-traenach*

### 4.7 Céatadán na rianta le Cosaint Traenach Uathoibríoch (ATP) i bhfeidhm

Ceann de na príomhthásacairí maidir le sábháilteacht bhonneagair iarnróid is ea céatadán an iarnróid ar a bhfuil Cosaint Traenach Uathoibríoch (CTU) suiteáilte. Measann an ERA, i bpáirt le formhór na n eagraíochtaí iarnróid gairmiúla, go bhfuil CTU ar cheann de na bearta sábháilteachta iarnróid is éifeachtaí ar féidir le bainisteoirí bonneagair a chur i ngníomh chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go dtarlóidh imbhuailtí nó go rachfaidh traenacha de na ráillí ar na príomhiarnróid. Le CTU, forfheidhmítear umhlaíocht do chomharthaí agus do shrianta luais trí mhaoirseacht ar luas, lena n áirítear stad uathoibríoch ag comharthaí. Thuairiscigh 25 Bhallstát céatadán na línte a bhfuil córas dá leithéid i bhfeidhm iontu. Taispeántar na sonraí seo thar an tréimhse 2012-2016 le Figiúr 33, agus taispeántar an figiúr is déanaí (2016) ag deireadh gach barra.




*Figiúr 33: Céatadáin d'iarnróid an AE/AEE le Cosaint Traenach Uathoibríoch i bhfeidhm, de reir na tíre (2012-2016)*

Ní thuairiscíonn ach ceithre thír/limistéar go bhfuil cosaint iomlán CTU acu thar 100% dá líonra: an Rómáin, an Ísiltír, Lucsamburg, agus Tollán Mhuir nIocht. Níl aon CTU i bhfeidhm in Éirinn ar a líonra, in ainneoin gur tuairiscíodh gur clúdaíodh 5% roimhe. Tá an titim sin mar gheall ar athrú sa sainmhíniú ar CTU sa chaoi nach bhfuil córas CTU an DART a úsáidtear ar rothstoc EMU an DART i limistéar Bhaile Átha Cliath cáilithe mar CTU níos mó ach mar Chóras Cosanta Traenach (CCT). Baineann líonra na hÉireann úsáid go forleathan as Córas Rabhaidh Uathoibríoch Leanúnaigh freisin a chomhlíonn sainmhíniú an AE ar CCT. Áirítear le tíortha eile a thuairiscíonn 0% CTU Poblacht na Seice, an Ghréig, an Laitvia agus an Chróit agus níor thuairiscigh an Ríocht Aontaithe, an Bheilg, an tSlóivéin, agus an tSualainn a gcuid leibhéal le blianta beaga anuas.

I gcaitheamh na gcúig bliana seo caite, chonacthas laghdú ar an CTU in ocht gceann de na tíortha, ar an ábhar céanna, is dócha, is a bhí i gceist in Éirinn, chonaic ceithre thír méadú, agus d'fhan 17 mórán mar a chéile (laistigh de 1-2%).

## 4.8 Tionóiscí Móra Timpeall an Domhain

Chuir roinnt tionóiscí móra ar iarnróid i dtíortha eile i rith 2018 i gcuimhne dúinn, in ainneoin go leor táscairí a bheith ag taispeáint feabhsaithe ar an bhfeidhmíocht fhoriomlán ó thaobh na sábháilteachta, go bhféadfadh tionóiscí tromchúiseacha le torthaí millteacha tarlú fós. Tá an CRI ina rannpháirtí gníomhach i roinnt bheag fóram le hÚdaráis Náisiúnta Sábháilteachta eile san Eoraip agus i ngníomhaireachtaí cosúil leo timpeall an domhain maidir le tionóiscí dá leithéid agus déanann siad a dhícheall pointí foghlama a thagann as imscrúduithe a roinnt. Is éard atá i gceist leis an méid a leanas ná forléargas achomair ar thionóiscí le déanaí i ndlínsí eile ar mheas an CRI iad a bheith ina n-údar suntais do thionscal iarnróid na hÉireann. Cuirtear chun solais leis na cásanna seo a thábhachtaí is atá sé cigireacht a dhéanamh ar bhonneagar agus cothabháil a dhéanamh go tráthúil, bainistíocht éigeandálaí/eachtraí agus maoirseacht a dhéanamh ar luas traenacha is faireachas na dtiománaithe.

### An Iodáil

Chuaigh traein chomaitéireachta arna feidhmiú ag *Trenod* de na ráillí an 25ú Eanáir 2018 i bPioltelloa, nuair a tháinig dhá cheann dá chuid carráistí den rian ar a slí chuig Milan. Fágadh triúr ban marbh dá bharr agus breis is 100 duine gortaithe. Sonraíodh de bharr an imscrúdaithe ar an tionóisc níos déanaí gurbh é ráille briste, ar chuid de rian siúntáilte ar an tslí i dtreo láthair na tubaiste, cúis na heachtra.

### An Ríocht Aontaithe

An 2ú Márta 2018, bhí naoi dtraein phaisinéirí sáinnithe i rith an tsneachta i limistéar Lewisham, New Cross agus St Johns de dheisceart Londan. Tar éis tréimhse fada ama gan ach beagán cumarsáide, nó cumarsáid ar bith, is iad gan teas nó cumas áiseanna leithreasa a úsáid, thosaigh paisinéirí ar bord chúig chinn de na traenacha ag imeacht as na traenacha leo féin agus ag siúl ar línte leictrithe beo.

Níor tuairiscíodh aon ghortuithe ach luadh san imscrúdú ag *RAIB* laigeacht na rialuithe bainistíochta eachtraí ag *Network Rail* mar réimse ar ghá a fheabhsú.

### An Tuirc

Tubaiste iarnróid mharfach ab ea an cás ina ndeachaigh traein de na ráillí in Çorlu an 8ú de mhí Iúil in iarthuaisceart na Tuirce. Maraíodh 24 paisinéir san iomlán agus gortaíodh 318 eile, 42 go fíordhona ina measc.

D'fhógair Aireacht Iompair na Tuirce i ráiteas gur tharla an cás go ndeachaigh an traein de na ráillí tar éis don rian iarnróid sleamhnú síos óna áit bhunaidh mar gheall ar bháisteach iontach trom. Tuairiscíodh go raibh an rian mar ba chóir nuair a rith traein sceidealta tríd an áit sin níos luaithe an lá céanna ach gur thug lintéar faoin iarnród uaidh de bharr na fearthainne troime rud a d'fhág gur cuireadh ailíniú na rianta as a riocht.

### An Téaváin

An 21ú Deireadh Fómhair 2018, chuaigh traein phaisinéirí le 366 paisinéir ar bord de na ráillí i gcontae Yilan, An Téaváin, cás inar maraíodh 18 duine agus a d'fhág 187 gortaithe. Ag 16:50 ag an am áitiúil, chuaigh mearthraein Phuyuma de na ráillí ar lúb teann agus measadh go raibh an iomarca luais faoi do gheoiméadracht na rianta.

As an ocht gcarráiste, thit carráistí a trí go carráiste a hocht agus bhuail faoina chéile. Chonacthas an carr tosaigh bun os cionn ar uillinn 75 céim, agus is ón gcarráiste seo is mó a fuair daoine bás.



# 5 Imscrúduithe faoi Thionóiscí

## 5.1 Réamhrá

Eagraíocht is ea an tAonad um Imscrúdú ar Thionóiscí (AITI) atá neamhspleách ó thaobh cúrsaí feidhmiúcháin laistigh den Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt (RITS). Tugann an AITI faoi imscrúduithe faoi chúis tionóiscí agus eachtraí a chomhlíonann critéir shonracha ó thaobh déine nó as a bhféadfadh, agus cúinsí beagáinín difriúil, tionóisc nó eachtra níos tromchúisí teacht.

Is é cuspóir imscrúdaithe ag an AITI feabhsuithe ar shábháilteacht iarnróid a shonrú trí déanamh amach, oiread agus is féidir, cúis nó cúiseanna tionóisce nó eachtra d'fhonn moltaí a dhéanamh chun tionóiscí cosúil leo amach anseo a sheachaint, nó chun an tsábháilteacht iarnróid a fheabhsú ar bhealaí eile. Ní hé cuspóir imscrúdaithe locht nó dliteanas a chur ar éinne. Déantar imscrúduithe an AITI de réir na Treorach maidir le Sábháilteacht Iarnróid ón Eoraip 2004/49/CE agus an Achta um Shábháilteacht Iarnróid 2005 faoi mar a leasaíodh le I.R. Uimh. 258 de 2014.

## 5.2 Imscrúduithe Gníomhacha de chuid an AITI

Rinne an AITI 52 Tuairiscí Scrúdaithe Tosaigh (TST) agus thionscain trí imscrúdú iomlána ar thionóiscí agus eachtraí iarnróid in 2018 (Tábla 4). Chuir siad tús le 'Imscrúdú ar Threochtaí maidir le Tarlúintí Feithiclí Bóthair Iarnróid' idir 2015 agus 2018 freisin.

## 5.3 Tuairiscí faoi Imscrúduithe de chuid an AITI 2018


De réir an Achta um Shábháilteacht Iarnróid 2005, féachann an AITI le tuairisc faoi imscrúdú a fhoilsiú tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis dáta na heachtra. In 2018, d'fhoilsigh an AITI aon tuairisc amháin atá liostaithe i dTábla 5. De thoradh a n-imscrúduithe, tá naoi moladh sábháilteachta déanta san iomlán ag an AITI, a phléitear i gcuid 5.4.

| Dáta na hEachtra | Mionsonraí | Sealbhóir Dualgais |
|---|---|---|
| 31ú Eanáir 2018 | Imscrúdu faoi threocht maidir le hEachtraí Feithiclí Bóthair Iarnróid idir 2015 agus 2018 | BB-IÉ |
| 17ú Iúil 2018 | Imbhualadh le Stad Maoláin, Iosta Phort Laoise, | GI-IÉ |
| 12ú Lúnasa 2018 | Cliseadh – Doras ar an Taobh Mícheart ar *DMU* 29000 ag Stáisiún Ashtown, | GI-IÉ |
| 12ú Lúnasa 2018 | Imbhualadh ag Crosaire Comhréidh, XM 220, Chlár Clainne Mhuiris, Co Mhaigh Eo, | BB-IÉ GI-IÉ |

*Tábla 4: Imscrúduithe a thionscain AITI in 2018*

| Dáta a Foilsíodh an Tuairisc | Dáta na Tionóisce | Teideal Tuairisce | Líon na moltaí a rinneadh | Sealbhóir Dualgais |
|---|---|---|---|---|
| 15/08/2018 | 13/09/2017 | Seirbhís phaisinéirí DART dulta de na ráillí, ag Pointí DL115 i nDún Laoghaire | 7 | GI-IÉ & BB-IÉ |

*Tábla 5: Tuairiscí faoi imscrúduithe a d'fhoilsigh AITI in 2018*



### 5.4 Moltaí ó thaobh na Sábháilteachta de chuid an AITI 2018

Sonraíonn an AITI, trína n-imscrúduithe ar thionóiscí, an phríomhchúis i gcás gur féidir, chomh maith le haon fhachtóirí a chuir leis agus aon bhunfhachtóirí. Agus na nithe sin déanta amach acu, féadfaidh an AITI moltaí a dhéanamh agus faoi mar a dúradh roimhe, rinneadh seacht moladh in 2018. De réir na Treorach maidir le Sábháilteacht Iarnróid, cuireann AITI moltaí faoi bhráid an údaráis sábháilteachta (an CRI) agus i gcas gur gá de réir ghnéithe na moltaí, faoi bhráid comhlachtaí nó údarás eile sa Bhallstát nó faoi bhráid Bhallstát eile. Déanfaidh Ballstáit agus a gcuid údarás sábháilteachta na gníomhartha riachtanacha lena chinntiú go gcuirfear na moltaí sábháilteachta a d'eisigh na comhlachtaí imscrúdúcháin, san áireamh go cuí, agus i gcás gur cuí, go ngníomhaítear ina leith.

Cuireann an CRI stádas moltaí i gcatagóirí mar 'Oscailte', 'Curtha Faoi Bhráid', Tuilleadh Fianaise Riachtanach' nó 'Dúnta'. Sainmhínítear iad mar seo a leanas;

| | |
|---|---|
| **Oscailte** | Táthar fós ag fanacht le hAiseolas (Fianaise) ón Eagraíocht Iarnróid (nó ó pháirtí eile) nó níl gníomhartha curtha i gcrích fós. |
| **Curtha Isteach** | Tá aighneacht curtha faoi bhráid an CRI ag Eagraíocht Iarnróid (nó ag páirtí eile), á thabhairt le fios go bhfuil bearta déanta aige chun an moladh a chur i ngníomh agus tá an CRI ag meas cibé an ndúnfaidh sé an moladh. |
| **TFR** | Tuilleadh Fianaise Riachtanach. Tá an CRI tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar aighneacht (nó ar aighneacht bhreise) ach measann go bhfuil tuilleadh fianaise riachtanach chun clabhsúr a chur leis an moladh sábháilteachta. |
| **Dúnta** | Tá an CRI tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar aighneacht (nó ar aighneacht bhreise) agus sásta go bhfuil aghaidh tugtha ar an moladh sábháilteachta. |

Cuirtear achoimre i láthair thíos de na gníomhartha a rinneadh (tráth scríofa na tuairisce) i ndáil leis an aon Tuairisc amháin faoi Imscrúduithe a foilsíodh in 2018 mar a ndearnadh moltaí sábháilteachta, agus stádas gach molta.

Ba cheart tabhairt do d'aire nach ionann's a rá nach bhfuil aon ghníomh déanta díreach toisc go sonraítear moladh sábháilteachta mar cheann 'oscailte', ach nár thuairiscigh an eagraíocht iarnróid atá freagrach go bhfuil na gníomhartha atá beartaithe acu, chun an moladh sábháilteachta aonair a chur i ngníomh, curtha i gcrích acu fós.

Maidir leo siúd lena mbaineann stádas 'TFR', tá athbhreithniú déanta ag an CRI ar mholtaí sábháilteachta lena mbaineann an stádas sin agus tá siad ag fanacht le fianaise thairis sin chun tacú le héileamh na n-eagraíochtaí iarnróid gur thug siad aghaidh ar an moladh.

ONLY 2 paragraphs here in english version

**R2018 – 001** Seirbhís phaisinéirí DART dulta de na ráillí, ag Pointí DL115, Dún Laoghaire an 13ú Meán Fómhair 2017 *(Tuairisc Foilsithe 15ú Lúnasa 2018)*

**Achoimre:**
An 13ú Meán Fómhair 2017, cuireadh moill ar sheirbhís phaisinéirí *DART* ó Bhinn Éadair chuig Bré toisc gur cailleadh brath na bpointí ag Pointí DL115, ag fágáil go ndeachthas thar Chomhartha Contúirte DK31. Glaodh ar Oibreoir Pointí Pointí DL115 a chlibeáil agus a scoitseáil sa ghnáthriocht. Níor chomhlíon Oibreoir na bPointí na treoracha a leagadh amach i Leabhar Rialacha IÉ, san iomlán, ag fágáil bearna idir bun an ráille athrúcháin agus an ráille stoic. Chuir Oibreoir na bPointí in iúl d'Fhear Rialaithe na gComharthaí go raibh an bealach socraithe agus thug Fear Rialaithe na gComharthaí cead do thiománaí Thraein E222 (Tiománaí E222) dul thar Chomhartha Contúirte DL31, thar Phointí DL115.

Ag thart faoi 18:04 uair an chloig, chuaigh príomh-bhógaí Thraein E222 de na ráillí agus tháinig chuig stad. Idir 18:25 agus 18:40 uair an chloig, d'imigh idir seasca agus seachtó paisinéir amach as an traein gan rialú gan choinne ar an tslí bhuan sular shocraigh Iarnród Éireann (IÉ) aslonnú rialaithe.

| **Líon na moltaí a rinneadh** | **7** |
|---|---|
| **Moladh 1**<br>(1-2018) | Ba cheart do Bhainisteoir Bonneagair IÉ (BB) athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar ar IMO-SMS-031, 'Bainistíocht Inniúlachta – Daoine a gceanglaítear orthu dualgais oibriúcháin BB a dhéanamh' agus ar cháipéisí gaolmhara, chun easnaimh san oiliúint a shonrú, chomh maith le measúnacht leanúnach agus feidhmíocht dualgas a thaifeadadh lena chinntiú go mbeidh daoine a dhéanann na dualgais seo inniúil ar amhlaidh a dhéanamh; |
| Gníomh/artha déanta/ar siúl | 26/09/18 Chuir BB-IÉ in iúl don CRI "Go ndéanfar athbhreithniú ar IMO-SMS-031"<br>16/07/19 Chuir an CRR in iúl gur tugadh faoi athbhreithniu agus go ndearnadh athbhreithniú ar Mheasúnachtaí ar Oibreoirí Pointí de thoradh an athbhreithnithe seo. |
| **Stádas** | **Tuilleadh fianaise iarrtha** |
| **Moladh 2**<br>(2-2018) | Ba chóir do BB-IÉ agus do Ghnóthas Iarnróid IÉ (GI) meastóireacht a dhéanamh ar an assessment and monitoring of Safety Critical Communications to ensure that communications are carried out to the requirements set out in IÉ Rule Book, and safety critical communications standards IMO-SMS-033 and OPS-SMS-8.1; |
| Gníomh/artha déanta/siúl | 26/09/18 Chuir BB-IÉ in iúl don CRI "Go ndéanfar meastóireacht ar oiliúint, mheasúnacht agus mhonatóireacht ar Chumarsáid Chriticiúil don tSábháilteacht."<br>8/10/18 Chuir GI-IÉ in iúl don CRI "Go dtabharfar faoi athbhreithniú foirmiúil, a bhainfidh leis na rannóga agus feidhmeanna ábhartha ar fad, ar oiliúint, mheasúnacht agus mhonatóireacht ar Chumarsáid Chriticiúil don tSábháilteacht." |
| **Stádas** | **Oscailte / Ar siúl** |
| **Moladh 3**<br>(3-2018) | IBa chóir do GI-IÉ athbhreithniú a dhéanamh ar shraith a gcáipéisí ina ndéantar tagairt do chásanna ina gcuirtear isteach go mór ar chustaiméirí agus d'éigeandálaí, agus aghaidh a thabhairt ar aon easnaimh i ndáil le bainistiú paisinéirí ar thraenacha agus ar aslonnaíochtaí gan rialú gan choinne. Ba cheart go gcuirfí baill foirne, a bhfuil róil acu i ndáil le cásanna ina gcuirtear isteach ar chustaiméirí agus le héigeandálaí, ar an eolas faoi na cáipéisí seo lena chinntiú go mbeidh siad feasach ar a gcuid freagrachtaí; |
| Gníomh/artha déanta/ar siúl | 8/10/18 Chuir GI-IÉ in iúl don CRI "Go ndéanfar athbhreithniú foirmiúil ar shraith iomlán na gcáipéisí infheidhme. Cuirfear baill foirne ábhartha ar an eolas faoi na cáipéisí agus aon athruithe a cuireadh i ngníomh tar éis an athbhreithnithe." |
| **Stádas** | **Oscailte / Ar siúl** |

| | |
|---|---|
| **Moladh 4**<br>(4-2018) | Ba chóir do BB IÉ codanna ábhartha den Aguisín Ginearálta a uasdátú chomh maith le le cáipéisí gaolmhara eile chun sonrú cá háit ar chóir fáiscín na bpointí a shuiteáil; |
| Gníomh/artha déanta/ar siúl | 26/09/18 Chuir BB-IÉ in iúl don CRI "Go dtabharfar cáipéisí cothrom le dáta dá réir" 29/04/19 Chuir BB-IÉ fianaise isteach lenar léiríodh go raibh athbhreithniú agus atheisiúint déanta acu ar Chuid E den Aguisín Ginearálta agus gur tugadh sin le fios trí fhógra a eisiúint a bhí ina aguisín leis an gCiorclán Seachtainiúil Uimh. 3865. |
| **Stádas** | **Dúnta** |
| **Moladh 5**<br>(5-2018) | IBa chóir do IÉ foclaíocht sheasmhach a aontú agus a chur i ngníomh i Leabhar na Rialacha, san Aguisín Ginearálta, san ábhar oiliúna agus i dtreoracha ó bhéal i ndáil le treoracha na n-oibreoirí pointí; agus a chinntiú go gcuirtear tábhacht ord na dtascanna chun solais san oiliúint d'oibreoirí pointí; |
| Gníomh/artha déanta/ar siúl | 26/09/18 Chuir BB-IÉ in iúl don CRI "Go bhfuiltear ag déanamh athbhreithnithe agus agus leasuithe ar na treoracha d'Oibreoirí Pointí san Aguisín Ginearálta agus san ábhar oiliúna agus inniúlachta i gcás gur cuí."<br>16/07/19 Tá fianaise curtha isteach ag BB-Iarnród Éireann chun tacú lena dhearbhú go bhfuil siad tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar Chuid E den aguisín ginearálta agus ar ábhar oiliúna gaolmhar. |
| **Stádas** | **Curtha Isteach** |
| **Moladh 6**<br>(6-2018) | IBa cheart do BB-IÉ athbhreithniú a dhéanamh ar na riachtanais líníochta agus sonraíochta do scoitsí pointí agus a chinntiú nach gcuirtear ar fáil d'oibreoirí pointí ach scoitsí a dhéantar de réir na líníochta agus sonraíochta riachtanaí. Action/s taken 26/09/18 IÉ-IM advised the CRR that "Review to be carried out" |
| Gníomh/artha déanta / ar siúl | 26/09/18 Chuir BB-IÉ in iúl don CRI go raibh "Athbhreithniú le déanamh" |
| **Stádas** | **Oscailte / Ar siúl** |
| **Moladh 7**<br>(7-2018) | Ba chóir do GI IÉ baill foirne ábhartha a chur ar an eolas faoi riachtanais Leabhar Rialacha IÉ (Cuid M 3.1.2) ina ndeirtear, i gcás nach mbíonn cosaint ó mhaidhmitheoir éigeandála riachtanach, go gcaithfidh tiománaithe Goireas Oibriúcháin don Chiorcad Rianta a chur ar an líne/na línte a bhíonn i gceist chun cosaint na gcomharthaí a fhorlíonadh. |
| Gníomh/artha déanta/ar siúl | 8/10/18 Chuir GI-IÉ in iúl don CRI "go gcuirfidh GI-IÉ na baill foirne ábhartha ar fad ar an eolas faoi riachtanais Leabhar Rialacha IÉ (Cuid M 3.1.2)." |
| **Stádas** | **Oscailte / Ar siúl** |

## 5.5 Achoimre na Moltaí ó AITI

Le tuilleadh mionsonraí a fháil faoi stádas Mholtaí Sábháilteachta an AITI, breathnaigh ar Thuarascáil Bhliantúil an CRI don Aire Iompair, Turasóireachta & Spóirt atá ar fáil ar ár suíomh idirlín, **www.crr.ie**.

Ba cheart tabhairt do d'aire freisin nach 'fuascailtí tapa' iad go leor de na moltaí sábháilteachta atá déanta ag an AITI agus go mb'fhéidir go mbeadh pleanáil straitéiseach, dearadh innealtóireachta, comhairliúchán poiblí, cead pleanála agus/nó maoiniú rialtais riachtanach agus d'fhéadfadh blianta a bheith i gceist leo siúd ar fad chun 'clabhsúr' a chur le moladh sábháilteachta i ndáiríre.




# 6 Tagairtí

## 6.1 Cáipéisí a Úsáideadh

CRI (2017) Tuarascáil Bhliantúil 2018. Baile Átha Cliath: CRI

ERA (2015), Sonraí faoin gComhtháscaire Sábháilteachta, **https://erail.era.europa.eu**/ fuarthas 20.09.2018

Tuarascáil Bhliantúil 2017. Baile Átha Cliath: AITI

Sonraí Teagmhála

| | |
|---|---|
| Suíomh Idirlín | www.crr.ie |
| Rphost | info@crr.ie |
| Guthán | +353 1 2068110 |

Seoladh:
Coimisiún um Rialáil Iarnróid,
Teach an Teampaill,
An Charraig Dhubh,
Contae Bhaile Átha Cliath,
Éire